**Miontuairiscí an Bhoird Iniúchóireachta**
**Dáta: 5 Nollaig 2025**
**Suíomh: Sráid an Mhéara**

Ag an gcruinniú: Seamus McCarthy, ARC&C (Cathaoirleach)
Colette Drinan, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta
Andy Harkness, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Deirdre Quaid, Stiúrthóir Iniúchóireachta
Mitchell McIntyre, Leas-Stiúrthóir, rúnaí an Choiste Iniúchóireachta
Bhí Paul Southern, An Leas-Stiúrthóir, i láthair le haghaidh mhíreanna 9, 10, 11 agus 12 den chlár oibre

1. **Socrú an chláir oibre**

   Socraíodh an dréacht-chlár oibre.

2. **Breacadh síos aon choimhlinte leasa**

   Níor tuairiscíodh aon choimhlint leasa maidir leis na míreanna a bhí le plé ag an gcruinniú.

3. **Miontuairiscí an chruinnithe roimhe seo, cúrsaí atá ag teacht aníos agus liosta gnímh**

   Comhaontaíodh miontuairiscí an chruinnithe an 10 Deireadh Fómhair 2025 agus faomhadh iad le foilsiú ar inlíon agus ar shuíomh gréasáin na hOifige.

   Rinneadh athbhreithniú ar an liosta gnímh agus pléadh é.

- Luaigh an Bord go bhfuil athbhreithniú ar an bpróiseas chun iniúchtaí a roghnú do EQR curtha síos lena fhaomhadh i bpáipéar G ag an gcruinniú seo. Dúnadh an pointe gnímh seo.
- Thug an Bord dá aire go bhfuil athbhreithniú ar dhréacht-ráiteas éifeachtachta chóras bainistíochta cáilíochta na hOifige ar siúl. Luaigh an Bord gurb é 2025 an chéad bhliain a bheidh feidhm ag an ráiteas agus chomhaontaigh an Bord go mbeadh sé mar aidhm ag an Oifig ráiteas 2025 a eisiúint sa chéad leath de 2026. Dúnadh an pointe gnímh seo.
- Luaigh an Bord gur chas Stiúrthóir na hIniúchóireachta Feidhmíochta leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun teacht ar chomhaontú maidir le hábhair le tuairisciú ar féidir tosú orthu roimh chinneadh an Bhoird Iniúchóireachta maidir le caibidlí don Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí 2025. Dúnadh an pointe gnímh seo.
- Phléigh an Bord cruthú sraith tástálacha CGAS chun comhtháthú a chinntiú i bhfoirne iniúchta Vótaí lena n-úsáid i gcuntais leithreasa 2025 agus shocraigh an Bord spriocdháta críochnaithe ag deireadh mhí an Mhárta 2026.
- Luaigh an Bord gur chas Stiúrthóir na hIniúchóireachta Feidhmíochta leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhormáid comhaid iniúchta feidhmíochta Teammate+. Tá stiúrthóireacht na hiniúchóireachta feidhmíochta i mbun leasú a dhéanamh ar fhormáid an chomhaid. Dúnadh an pointe gnímh seo.
- Luaigh an Bord go n-oibreoidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste leis an Rúnaí Príobháideach chun leagan amach an fhógra vótaí lena n-imréiteach don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a chaighdeánú. Dúnadh an pointe gnímh seo.
- Thug an Bord dá aire go bhfuil ráiteas ar bhonn úsáid na n-achoimrí reachtacha curtha síos lena fhaomhadh i bpáipéar H ag an gcruinniú seo. Dúnadh an pointe gnímh seo.

4. **Baol atá ag Teacht Chun Cinn**

Níor thug an Bord dá aire aon bhaol nua atá ag teacht chun cinn.

5. **Clár iniúchóireachta airgeadais (páipéar A)**

Luaigh an Bord an páipéar ina dtuairiscítear an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo maidir le trí sprioc iniúchóireachta airgeadais PTF de chuid na hOifige le haghaidh 2025.

Luaigh an Bord go n-athróidh toradh an dá sprioc iniúchóireachta airgeadais 9 mí beagán toisc go bhfuil laghdú iniúchta amháin tagtha ar líon na n-iniúchtaí pleanáilte. Ní ullmhóidh comhlacht iniúchta amháin, atá i mbun a dhíscaoilte, cuntas do dheireadh na bliana airgeadais 2024 mar a bhí beartaithe agus ina ionad sin ullmhóidh sé cuntas 15 mhí a chríochnóidh in 2025.

D'aontaigh an Bord gur gá don Oifig plé a dhéanamh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin faoi na forálacha maidir le hullmhú agus iniúchadh cuntas ba cheart a áireamh sa reachtaíocht lena ndíscaoiltear eintiteas. Chomhaontaigh sé freisin nach mór don Oifig doiciméad a ullmhú is féidir léi a chur ar fáil do chomhlachtaí iniúchta ina leagtar amach míreanna nach mór dóibh a bhreithniú agus eintiteas nua á chruthú acu.

6. **Clár iniúchóireachta feidhmíochta (Páipéar B)**

Thug an Bord dá aire stádas na dtuairiscí speisialta leanúnacha.

7. **Iniúchtaí nua/iniúchtaí deiridh (páipéar C)**

Phléigh an Bord an páipéar agus aontaíodh na hathruithe a cuireadh i láthair a chur i bhfeidhm. Thug an Bord tuilleadh eolais faoi shannadh ceann de na hiniúchtaí nua.

Aontaíodh an tÚdarás Rialála um Atáirgeadh Daonna Cuidithe a bhaint de liosta na n-iniúchtaí nua toisc go bhfuil sé bunaithe, tá an fhoireann iniúchóireachta ceaptha agus tá achoimre reachtach ullmhaithe.

8. **Nuashonrú ráithiúil an Oireachtais (páipéar D)**

Phléigh an Bord an páipéar seo.

D'aontaigh an Bord go ndéanfadh an Oifig anailís agus go scríobhfadh sí arís chuig an Ard-Rúnaí Airgeadais maidir leis na tograí reachtacha a tháinig chun cinn as an athbhreithniú piaraí in 2020.

9. **Cuntas nochtuithe (páipéar E)**

Phléigh an Bord an páipéar, ina leagtar amach sonraí achoimre na gcásanna nochtuithe atá oscailte faoi láthair agus iad siúd atá dúnta ón gcruinniú deireanach.

10. **Athbhreithniú ar chatagóiriú riosca iniúchóireachta (páipéar F)**

Phléigh an Bord an páipéar agus d'fhaomh sé na leasuithe atá beartaithe ar an Uirlis um Chatagóiriú Riosca Iniúchóireachta. Cuirfear na hathruithe i bhfeidhm i dtimthriall iniúchóireachta 2025.

Ghabh an Bord buíochas leis an bhfoireann go léir as a rannpháirtíocht sa chleachtadh grúpa ar mheasúnú riosca ag an gcomhdháil bhliantúil agus thug an Bord dá aire gur tugadh isteach aiseolas na foirne san athbhreithniú ar an uirlis. Ghabh an Bord buíochas le hAonad na Léargas Iniúchóireachta as a gcuid oibre ar na leasuithe freisin.

**11. Athbhreithniú ar phróiseas roghnúcháin Athbhreithniú Cáilíochta na Rannpháirtíochta (EQR) (páipéar G)**

Phléigh an Bord an páipéar agus d'fhaomh sé an próiseas athbhreithnithe chun iniúchtaí a roghnú do EQR, a dhíríonn ar chomhtháthú an mhúnla riosca sa phróiseas roghnúcháin. Úsáidfear an próiseas athbhreithnithe chun iniúchtaí 2026 a roghnú le haghaidh EQR.

**12. Bunachar achoimrí reachtacha ar bhonn úsáide (páipéar H)**

Phléigh an Bord an páipéar seo agus d'fhaomh sé an fógra ar bhonn úsáide, faoi réir athruithe ar an bhfoclaíocht a comhaontaíodh ag an gcruinniú.

**13. Tuairisc maidir le dul chun cinn ar chur i bhfeidhm straitéis na hOifige (páipéar I)**

Phléigh an Bord an páipéar agus an t-ardleibhéal gnóthachtála a baineadh amach maidir le gníomhartha na straitéise atá mar bhonn le Ráiteas Straitéise na hOifige 2021-2025 a chur i gcrích. Tá an líon beag gníomhartha nár baineadh amach á mbreithniú i gcomhthéacs an chéad ráitis straitéise eile.

**14. Dréacht-ráiteas straitéise na hOifige 2026-2030 (páipéar J)**

Phléigh an Bord an dréacht-ráiteas straitéise. D'fhaomh an Bord an straitéis faoi réir roinnt leasuithe a comhaontaíodh ag an gcruinniú a thabhairt isteach.

**15. Réamhchlár oibre agus dátaí sealadacha cruinnithe don bhliain 2026 (páipéar K)**

Chomhaontaigh an Bord réamhchlár oibre agus sceideal 2026. Tionólfar an chéad chruinniú eile den Bhord Iniúchóireachta i mí an Mhárta 2026 (agus socrófar an dáta níos déanaí).

**16. Aon ghnó eile**

Níor pléadh aon ghnó eile.